

**Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí**

**Ráiteas Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018**

## **Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí**

### **Innéacs leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018**

	Leathanach
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4 - 6
Tuarascáil Iniúchta An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	7
Gníomhaíochtaí agus Costais Phá	8
Beartais Chuntasaíochta	9
Ráiteas Oibriúcháin	10
Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha	11
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	12 - 28

## Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

### Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Éilítear le hAlt 51 den Acht sin ar an BOO, i cibé foirm agus i cibé tréimhsí cuntasáíochta a cheadaítear ag an Aire Oideachais agus Scileanna a toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais chuí is gnách ar airgead a fuarthas agus a chaithear.

Agus atá na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- (a) na polasaithe cuntasáíochta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin chuntasáíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c) aon imeacht ábhartha ó na polasaithe caighdeánacha cuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú.


Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil lena nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin chun bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach:

  
\_\_\_\_\_  
John Carroll

Dáta:

  
\_\_\_\_\_  
27/06/2012

## Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fháilí

### Ráiteas um Rialú Inmheánach

#### Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach

Mar Chathaoirleach BOOLU, admhaím freagracht an Bhoird as a áirithiú go n-oibreofar agus go gcoinneofar córas rialaithe inmheánach atá éifeachtúil eacnamúil. In 2018 rinneadh BOOLU a oibriú faoin gCód Rialachais le haghaidh BOOanna arna ghlacadh i mí an Mhárta 2015. Is éard is aidhm le córas den chineál sin ná a áirithiú go gcosnófar sócmhainní, go gceadófar agus go ndéanfar idirbheartaithe thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéanfar aon earráidí nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

#### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta déanta ag an mBord chun timpeallacht rialaithe iomchuí a áirithiú trí:

- Freagrachtaí foirne agus bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Nósanna imeachta a bhunú chun sainiú agus measúnú a dhéanamh ar gach riosca a bhféadfadh cosc a chur ar BOOLU a chuid chuspóir a bhaint amach;
- Beartas um Bhainistiú Riosca a ghlacadh ag an gcruinniú dar dáta an 4 Aibreán 2016;
- Nósanna imeachta a bhunú chun clistí tromchúiseacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíochtaí ceartaithe iomchuí a áirithiú.

Tá an córas um rialú inmheánach a oibrítear i BOOLU bunaithe ar an méid seo thíos:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe;
- Dualgais a leithscaradh;
- Údaraithe sonracha;
- Seiceáil inmheánach;
- Athbhreithniú bainistíochta míosúil ina dtugtar cuntas ar thorthaí iarbhir agus torthaí buiséadaithe na scéimeanna a oibríonn BOOLU.

Áirítear an méid seo thíos ar na socruithe rialaithe a cuireadh i bhfeidhm le linn 2018:

- Tá roinnt beartais agus nósanna imeachta tugtha suas chun dáta agus formheasta ag BOOLU agus táthar ag leanúint leis an obair sa réimse sin;
- Tá BOOLU ag leanúint de chuíchóiriú a dhéanamh ar na cleachtais oibre sa réimse riaracháin agus idir dhá oifig;
- Tá Clár Riosca Chorparáidigh ina n-áirítear Riarachán, Scoileanna, agus Breisoideachas agus Oiliúint forbartha ag BOOLU;
- Liostaítear Bainistiú Riosca mar mhír den chlár oibre ag gach Cruinniú den Choiste Iniúcháireachta;
- Liostaítear Coinbhleachta Leasa mar mhír den chlár oibre ag gach Cruinniú den Choiste Iniúcháireachta;
- Mír seasta is ea an Rialachas (lena n-áirítear Coinbhleachta Leasa) ar chlár oibre BOOLU ón gcruinniú deireanach a bhí ann in 2017.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar a éifeachtaí is atá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar:

- Obair an Choiste Iniúcháireachta, a dhéanann measúnú ar tuarascálacha iniúcháireachta inmheánacha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC), agus a dhéanann tuairisciú don bhord, de réir thuairim an iniúcháira inmheánaigh, an bhfuil córais um rialú inmheánach leordhóthanacha iomchuí á n-oibriú ag an bPríomhfheidhmeannach;
- An Príomhfheidhmeannach, atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais;
- Moltaí a dhéanann an ARCC i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Cuireann an tAonad um Iniúcháireacht Inmheánach - Boird Oideachais agus Oiliúna (AII– BOOanna) Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí ar fáil. Rinneadh an tIniúchadh Inmheánach is déanaí in 2018 i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Soláthróirí Sainoiliúna (SOOanna)

Tá BOOLU ag fanacht faoi láthair ar an tuarascáil dheireanach ón Iniúchadh SOOanna.

Fuair BOOLU an tuarascáil dheireanach maidir leis an Athbhreithniú ar a Éifeachtaí is atá rialachán an Chórais TF agus Inúsáidteacht an Ghréasáin i mí Lúnasa 2018. Rinneadh an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht agus Dearbhú Cáilíochta agus na Treoirínte Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht agus Dearbhú Cáilíochta arna n-eisiúint ag an ISACA (*Information System Audit and Control Association*)

Cinneadh i dTuairim dheireanach na dtuarascála iniúchóireachta go raibh na rialacháin a bhí i bhfeidhm neamhdhóthanach. Ina dhiaidh sin chuir an Bhainistíocht plean i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na fionnachtain agus ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil. Rinneadh dul chun cinn maith i ndáil le haghaidh a thabhairt ar roinnt de na moltaí a bhfuil smacht againn orthu. Mar aon leis an méid sin, táthar ag leanúint leis an obair le ETBI chun teimpléad um Phlean Leanúnachais Gnó a fhorbairt don earnáil a gcuirfidh BOOLU i bhfeidhm é ina dhiaidh sin. Thairis sin, tá BOOLU ag comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna ag baint le soláthar foirne agus acmhainní arna sainiú sa Tuarascáil Iniúchóireachta.

### **Soláthar Poiblí**

Le linn 2018, thabhaigh BOOLU caiteachas €441,505 san iomlán agus ní raibh na nósanna imeachta ag cloí leis na rialacha um sholáthar poiblí. Leagtar amach na mionsonraí thíos.

Bhí conradh ag BOOLU ó thús na scoilbhliana 2015/2016 chun béilí scoile a sholáthar. Cuireadh an conradh i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana gan phróiseas tairisceana a dhéanamh, ós rud é nach rabhthas ag súil leis go dtabhófaí aon chostais ar BOOLU ó na cistí sin ós rud é go raibh costas na mbéilí le híoc go díreach ag na daltaí. I rith na scoilbhliana 2016/2017 áfach, d'iarr roinnt scoileanna maoiniúcháin i gcomhair béilí scoile ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, deonaíodh an maoiniúcháin sin dóibh, agus tabhaíodh caiteachas €84,000 in 2017. Dá réir sin, chuir BOOLU tús le próiseas tairisceana agus cuireadh conradh i bhfeidhm ag tús na scoilbhliana 2018/2019 ar feadh tréimhse 3 bliana, le hathbhreithniú bliantúil agus rogha ann an conradh a fhadú go ceann dhá thréimhse eile 12 mhí. Tabhaíodh caiteachas €109,753 ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Lúnasa 2018.

I mí Lúnasa 2018, foilsíodh Glao ar Thairiscintí chun deisiú agus seirbhísiú a dhéanamh ar Ghléasra & Innealra (G&I) i Mount Lucas. Fuarthas freagairt amháin ó Holden Plant Rentals Ltd. dar luach €45,955 agus tuairiscíodh an conradh don chuideachta sin. Ag tús an chonartha rinne Holden Plant Rentals Ltd. cigireacht fhísiciúil agus mhol sé do BOOLU gur cheart staidéar féidearthachta tráchtála um chaiteachais caipitil ar an G&I a dhéanamh roimh leanúint leis an deisiú agus seirbhísiú. D'iarr BOOLU ar Holden Plant Rentals Ltd. meastachán a chur ar fáil chun an staidéar féidearthachta sin a dhéanamh agus glacadh leis sin i gcomhréir le Beartas agus Nós Imeachta BOOLU um Cheannach agus Tairiscint.

Moladh sa staidéar féidearthachta (dar dáta an 4 Samhain 2016) gur cheart do BOOLU an G&I reatha a dhíol agus G&I nua a léasú, nó thabhódh BOOLU caiteachas caipitil ar G&I nach mbeadh cothrom le dáta ó thaobh riachtanas reatha na hearnála de agus, ar an mbonn sin, nach léireodh luach ar airgead don státchiste. Áiríodh sa staidéar féidearthachta luacháil scoite ar an G&I iarbhir dar luach €326,250 arna déanamh ag Paul Cooke Auctions ar an 28 Deireadh Fómhair.

I bhfianaise an ghéarghá go mbeadh G&I nua ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ghealltanais oiliúna reatha agus nua agus na hamlíne le haghaidh soláthair den chineál sin, d'fhostaigh BOOLU Holden Plant Rentals Ltd. chun an sean-G&I a dhiúscairt agus trealamh nua a chur ar fáil ar bhonn léasa. Bhí an méid sin i gcomhréir le Mír 6 (Imthosca Eisceachtúla) de Bheartas agus Nósanna Imeachta BOOLU um Cheannach agus Tairiscint. Murach práinn an phróisis soláthair sin, bhfillleadh BOOLU ar an margadh don tseirbhís sin. €304,651 an costas a bhí ar an G&I nua a léasú in 2018.

Tá BOOLU tar éis a bheith ag dul i dtreo lárchórais gan sreang a chur inár gcuid suíomh, rud a dtabharfadh níos mó srian agus níos mó luach ar airgead dúinn. Chuige sin, ba é Coláiste na Sionna an láthair is déanaí a raibh córas gan sreang de dhíth air in 2018 agus costas €27,101 a bhí ar an méid sin agus ar an gcóras gan sreang a chothabháil. Cuireadh glao ar thairiscintí amach roimhe sin le haghaidh scoil eile agus ba iad Mainline an Fotháirgeoir a d'éirigh leo. Bhain ár roinn TF úsáid as Mainline chun an córas gan sreang a chur i bhfeidhm i gColáiste na Sionna ós rud é go raibh eolas acu maidir le riachtanais BOOLU.

## Ráitis Pinsin

Níl BOOLU ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí dlí i ndáil le ráitis sochair bhliantúla a chur ar fáil. Níl BOOLU in ann na ráitis sin a chur ar fáil de bharr srianta na gcóras reatha TF, taifead de lámh, agus leibhéal fostaíochta. Tá cás gnó, ag baint leis na BOOanna go léir, curtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tuilleadh foirne a lorg d'fhonn gabháil sonraí. Ina theannta sin, tá cás á dhéanamh, ag baint leis na BOOanna go léir, chun teacht ar réiteach oiriúnach i ndáil leis an gCóras TF.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú

Tá BOOLU tiomanta do chóras um rialú inmheánach éifeachtúil eacnamaíoch a chur ar fáil. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú leanúnach ar an gcóras, trí rochtain a bheith aici ar mhiontuairiscí na gcruinnithe Airgeadais, Iniúchóireachta agus chruinnithe an Bhoird, agus trí fhéachaint d'fhionnachtana na n-iniúchtaí is déanaí agus do ráitis ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Cistí ina chuid litreacha bainistíochta. Ag an gcruinniú dar dáta an 4 Márta 2019, rinne an coiste iniúchóireachta athbhreithniú ar thuarascáil maidir leis na rialaithe inmheánacha atá i bhfeidhm ag BOOLU, inar cumhdaíodh na réimsí seo a leanas, agus tíolacadh tuarascáil maidir leis an méid sin don Bhoird.

- Baincéireacht
- Admhálacha
- Creidiúnaithe
- Taisteal agus Cothabháil
- Íocaíochtaí Foghlaimeora
- Bainistiú Airgeadais
- CSE
- Maoiniúcháin Deontais
- Córais Ríomhaire
- Ceannach agus Tairiscint
- Caipitil
- Earcaíocht
- Pearsanra
- Párolla
- Saoire bhreiteachta
- Pinsin
- Cosaint Sonraí
- Saoráil Faisnéise
- Grinnfhiosrúchán an Gharda
- Bainistiú Riosca
- Árachas
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Faisnéisithe atá faoi Chosaint

Fuair an Coiste Iniúchóireachta freisin dearbhú ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas um rialú inmheánach iomchuí agus leordhóthanach. Deimhním, dá bhrí sin, sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, go ndearna BOOLU athbhreithniú ar a éifeachtaí is atá an córas um rialú inmheánach agus gur cinneadh go raibh sé leordhóthanach.

Sínithe



Date: 27/06/2019

John Carrol  
Cathaoirleach



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fháilí

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fháilí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a cheanglaítear orm faoin Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta díobh seo a leanas:

- an ráiteas um bheartais cuntasaíochta
- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas um shócmhainní reatha agus dliteanais reatha, agus
- na nótaí gaolmhara.

Is é mo thuairim ná,

- go dtugtar léargas ceart ar ioncam agus caiteachas an Bhoird don bhliain 2018 agus ar staid chúrsaí an Bhoird don 31 Nollaig 2018, agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na beartais cuntasaíochta arna leagadh síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

#### **Bonn na Tuairime**

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráiteas airgeadas i gcomhréir leis na Caighdeáin Dhomhanda um Iniúcháireacht {CDIanna} mar d'fhógair an Eagraíocht Domhanda na nArdinstiúidí Iniúcháireachta iad. Déantar cur síos ar mo chuid dualgas faoi na caighdeáin sin san fhoscríbhinn atá ag gabháil leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fháilí agus tá mé tar éis mo fhreagrachtaí eitice eile a chomhlíonadh i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí chun í a úsáid mar bhonn ar mo thuairim.

#### **Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile**

Tá roinnt faisnéis eile curtha ar fáil ag an mBord mar aon leis na ráitis airgeadais. Is éard atá sa mhéid sin ná an ráiteas um fhreagrachtaí an Bhoird agus an ráiteas um rialú inmheánach agus sceideal gníomhaíochtaí agus costais íocaíochta. Déantar cur síos ar mo chuid dualgas maidir le tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den chineál sin, agus ar nithe áirithe eile a ndéanaim tuairisc orthu d'eisceacht, san fhoscríbhinn atá ag gabháil leis an tuarascáil seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Cisti  
30 Meitheamh 2019

## Foscibhinn a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar a leagtar amach go soiléir sa ráiteas um fhreagrachtaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm dá ndéantar cur síos faoi mhír 51 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013
- leabhair cuntais chearta a choimeád ina nochtaitear staid airgeadais an Bhoird go réasúnta cruinn ag am ar bith
- sócmhainní an Bhoird a chosaint agus céimeanna réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Coistí

Ní mór dom faoin Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fháilí agus tuairiscíú maidir leis an méid sin a dhéanamh do Thithe an Oireachtais.

Is éard atá mar aidhm agam agus mé ag déanamh an iniúchta ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is leibhéal dearbhaithe ard é dearbhú réasúnta, ach ní áiríthítear leis sin go ndéanfar míráiteas ábhartha a shainithint más ann dó nuair a dhéantar iniúchadh i gcomhréir leis na CDlanna. Féadfaidh míráiteas teacht chun chinn de dheasca calaoise nó earráide agus mheastar iad a bheith ábhartha i gcás, ina n-aonar agus ar an iomlán, ina bhféadfaí a bheith ag súil leis go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CDlanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha na ráiteas airgeadais, bíodh sin de dheasca calaoise nó earráide, a shainithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta mar fhreagairt ar na rioscaí sin; agus bailím fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun í a úsáid mar bhonn ar mo thuairim. Tá an riosca nach ndéanfar míráiteas ábhartha a shainithint níos airde má eascraíonn sé ó chalaos seachas ó earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghnámh inmheánacha, bréagléiriú agus sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá bainteach leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a léiriú ar a éifeachtaí is atá an rialú inmheánach.
- Déanaim luacháil ar a leordhóthanáil is atá na beartais cuntasaiochta a úsáidtear agus ar a réasúnaí is atá na meastacháin cuntasaiochta agus faisnéisithe gaolmhara.
- Cinnim an dtugtar nó nach dtugtar léargas ceart ar ioncam agus caiteachas an Bhoird sna ráitis airgeadais agus an dtugtar léargas ceart ar staid chúrsaí an Bhoird i ráiteas na n-iarbhéideanna, mar a léirítear sa ráiteas um shócmhainní reatha agus dliteanais reatha é.

- Déanaim measúnú ar léiriú foriomlán agus ar struchtúr na ráiteas airgeadais, agus ar a bhfuil iontu, lena n-áirítear na faisnéisithe, agus an dtugann na ráitis airgeadais léargas ar na hidirbheartaithe agus tarluithe bunúsacha ar bhealach cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as, i measc rudaí eile, bainistiú a dhéanamh ar an raon feidhme agus tráthú atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a dhéanaim sainithint orthu le linn m'iniúchta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais faisnéis eile atá ag gabháil leis na ráitis, agus ní thugaim cinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CDlanna an fhaisnéis eile a chuirtear ar fáil a léamh agus, agus sin á dhéanamh, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le faisnéis arna fáil le linn an iniúchta, nó an léir go bhfuil míráiteas ábhartha ann. I gcás, bunaithe ar an obair atá déanta agam, ina gcinnfidh mé go bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairiscíú.

### Tuairiscíú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh i ndáil leis na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí an Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Déanaim tuairiscíú i gcás ina sainithneoidh mé ábhair ábhartha ag baint leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Féachfaidh mé le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Déanfaidh mé tuairiscíú i gcás ina sainithneoidh mé aon chás nár úsáideadh airgead poiblí chun na críocha a beartaíodh dó nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Déanfaidh mé tuairisc freisin, d'eisceacht, más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus gach míniú atá riachtanach do m'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid cuntasaiochta leordhóthanach go leor chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ar bhealach ceart indéanta, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid cuntasaiochta.



## Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

### Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

#### Gníomhaíochtaí agus Costais Phá

#### 1 Príomhghníomhaíocht

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí oideachas agus oiliúint ar fáil ar fud chontaetha Laoise agus Uíbh Fhailí mar atá leagtha amach thíos:

Seirbhís	Líon na Suíomhanna	Líon na Rannpháirtithe *	Líon na dTairbhíthe ***
Dara Leibhéal & Iar-Ardeistiméireacht	11	3666**	477
Breisoideachas	10		9174
Oiliúint	14		1634
Ranganna Oíche / Páirtaimseartha	2		524

\* Bunaithe ar Chlárú na Bliana Acadúla 2018/2019

\*\* Duine a fhreastalaíonn ar chlár struchtúrtha lánaimseartha nó páirtaimseartha arna sholáthar ag BOO Laoise agus Uíbh F

\*\*\* Duine a bhaineann leas as seirbhís a sholáthraíonn BOO Laoise agus Uíbh Fhailí

#### 2 Seirbhísi Eile

Feidhmíonn an Bord mar Ghníomhaire freisin agus ritheann sé Tionscadail Féinmhaoinithe.

Is éard atá i gceist le hobair na Gníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta nó mac léinn eile, de réir critéar comhaontaithe agus aisíoctar a chostas leis an mBord.

Is éard atá i gceist le Tionscadail Féinmhaoinithe ná clár atá á rialú go hiomlán ag an mBord don Bhord nó d'eagraíochtaí eile.

#### 3 Costais Phá

Is é an pá an príomhchostas don Bhord agus léiríonn an tábla seo a leanas na raonta pá agus agus líon na bhfostaithe i ngach raon:

Raon pá *	Líon na bhFostaithe	Costas in 2018
		€
0 - 59,999	699	17,706,588
60,000 - 69,999	114	7,390,894
70,000 - 79,999	89	6,635,113
80,000 - 89,999	25	2,108,188
90,000 - 99,999	10	955,300
100,000 - 110,000	5	517,558
110,000 - 119,999	4	456,402
120,000 - 129,999	2	241,907
<b>Iomlán:</b>	<b>948</b>	<b>36,011,950</b>

\* Áirítear le raonta pá ÁSPC fostóirí.

Ní dhéanann an BOO ranníocaíochtaí pinsin i leith fostaithe.

I gcomhréir leis na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, rinne an BOO Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean ó fhostaithe arbh ionann iad agus €1,415,308 a cuireadh ar ais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

### Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

#### Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na bPolasaithe Cuntasaíochta

##### 1 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí an 1 Iúil 2013 agus tá a chuid feidhmeanna leagtha amach in alt 10 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

##### 2 Polasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

###### (a) Bunús na Tíolactha

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair san fhoirm atá faofa ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuimsítear leo Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Nuair is gá, tá na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe athluaite ar na boinn chéanna leis na boinn don bhliain reatha.

###### (b) Bunús an Ullmhúcháin

Sa Ráiteas Oibriúcháin Fáiltais agus Íocaíochtaí i nGrúpáil Cláir cuirtear i láthair agus déantar an Barrachas / (Easnamh) Airgid mar thoradh air a choigeartú do ghluaiseachtaí féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile chun toradh foriomlán na tréimhse a chinneadh ar bhonn fabhráithe.

Ullmhaítear an Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha ar an mbonn fabhrúithe trí iarmhéideanna deontais stáit agus comhardaitheoirí eile a chinneadh ag méideanna a léiríonn an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh de réir na rialacha maoinithe.

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh i Sócmhainní Reatha. Tá Dlíteanais Phá agus Chostais san áireamh i nDlíteanais Reatha.

###### (c) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Tá na sócmhainní go léir a cheannaítear lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna íochta i mbliain an cheannaigh. Aithnítear deontais stáit chun ceannach sócmhainní inláimhsithe seasta a mhaoiniú sa bhliain chéanna.

###### (d) Stoic

Gearrtar gach stoc inchaite de réir mar a ceannaíodh iad.

###### (e) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin fhoireann BOO, iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS san áireamh, faoi scéimeanna sochair shainithe.

Coinníonn an BOO asbhaintí aoisliúntais a dhéantar as pá fostaithe maidir leis na scéimeanna mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe ón Státchiste, nó íoctar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad.

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí i leith na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo ar bhonn íoc mar a úsáidtear agus íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte na teidlíochtaí pinsin bliantúla thar ceann an BOO. Tá BOO freagrach as a bpinsin a riaradh. Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna cistí pinsin ar fáil.

Ní dhearnadh soláthar sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar todhchaí a fabhraíodh do bhaill foirne agus do phinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.

###### (f) Cíosanna Léasa

Gearrtar gach cíos léasa de réir mar a thabhaítear iad.

**Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí**


**Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018**

	Nóta	Bliain dar críoch 31/12/2018 €	Bliain dar críoch 31/12/2017 €
<b>FÁLTAIS</b>			
Deontais Iar-bhunscoile & Ceannoifige	1	31,615,906	28,338,209
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	2	19,077,956	16,896,502
Deontais Sheirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	3	-	19,675
Deontais Sheirbhísí Óige	4	238,517	311,358
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	5	2,755,799	2,834,922
Deontais Chaipitil	6	2,506,968	3,589,838
		<u>56,195,146</u>	<u>51,990,504</u>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ</b>			
Iarbhunscoileanna & An Cheannoifig	7	31,124,952	28,338,966
Breisoideachas agus Oiliúint	8	18,514,103	17,312,423
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	9	-	7,867
Seirbhísí Óige	10	303,224	244,976
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	5	2,685,173	2,607,014
Caipiteal	6	2,733,973	4,326,881
		<u>55,361,425</u>	<u>52,838,127</u>
<b>Barrachas / (Easnamh) Airgid Thirim don Bhliain</b>		833,721	(847,623)
<b>Gluaiseacht i nGlan-Sócmhainní Reatha Eile</b>	21	<u>(1,363,153)</u>	<u>1,488,164</u>
<b>Barrachas / (Easnamh) Ioncaim Charnagh don Bhliain</b>		(529,432)	640,541
<b>Barrachas/ (Easnamh) Ioncaim amhail an 1 Eanáir</b>		555,484	(85,057)
<b>Barrachas/ (Easnamh) Ioncaim amhail an 31 Nollaig</b>		<u>26,052</u>	<u>555,484</u>

Sínithe:

Sínithe:

  
\_\_\_\_\_

  
\_\_\_\_\_

Cathaoirleach  
John Carroll

Príomhfhéidhmeannach  
Joe Cunningham

Dáta: 17/01/2019

Dáta: 27/01/2019

Tá na nótaí ar leathanaigh 12 go 28 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo

**Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí**


**Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2018**

	Nóta	<u>31/12/2018</u>	<u>31/12/2017</u>
		€	€
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Deontais Stáit Athfhillteacha	13	903,047	821,971
Deontais Stáit Caipitil	14	-	850,857
Ioncam Athfhillteach Eile	15	5,693	9,204
Féichiúnaithe Thríú Páirtí	16	35,544	49,057
Iarmhéid Bainc		<u>3,671,534</u>	<u>2,837,813</u>
		<u>4,615,818</u>	<u>4,568,902</u>
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Deontais Stáit Athfhillteacha	17	1,475,293	845,150
Deontais Stáit Caipitil	18	195,716	-
Ioncam Athfhillteach Eile	19	881,841	12,544
Dlíteanais Phá & Costais	20	<u>2,036,916</u>	<u>3,155,724</u>
		<u>4,589,766</u>	<u>4,013,418</u>
<b>Glan-Sócmhainní / (Dlíteanais) Reatha</b>		<u><u>26,052</u></u>	<u><u>555,484</u></u>
<b>Ionadaithe Ag</b>			
<b>Barrachas / (easnamh) ioncaim</b>		<u><u>26,052</u></u>	<u><u>555,484</u></u>

**Anailís ar bharrachas/(easnamh) ioncaim**

<b>Clár</b>	<b>Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 31/12/2018</b>	<b>Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 2018</b>	<b>Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 31/12/2017</b>
	€	€	€
Scoileanna & An Phríomhoifig	23,179	32,752	(9,573)
SOLAS	-	-	-
Ionad Oideachais Allamuigh Féinmhaoinithe	(9,666)	(9,666)	-
Gnóthaí Óige	(48,051)	-	(48,051)
Cláir Féinmhaoinithe	60,590	(552,518)	613,108
	<u>26,052</u>	<u>(529,432)</u>	<u>555,484</u>

Sínte:

  
\_\_\_\_\_

Cathaoirleach  
John Carroll

Sínte:

  
\_\_\_\_\_

Príomhfheidhmeannach  
Joe Cunningham

Dáta:

27/01/2019

Dáta:

27/01/2019

Tá na nótaí ar leathanaigh 12 go 28 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Nótaí leis na Ráitís Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

1 Admhálacha na Scoileanna & na Ceannoifige	An Roinn Urraíochta / Maoinitheoir	Bliain dar Críoch	Bliain dar Críoch
		31/12/2018	31/12/2017
		€	€
<b>Pá</b>			
Glan-Dheontas Airgid Thirim Iar-Bhunscoileanna & Ceannoifige	Oideachas agus Scileanna	27,163,088	24,301,957
Rannfocailochtaí Aoislúntais Bhreise	Oideachas agus Scileanna	1,420,648	1,335,599
		<u>28,583,736</u>	<u>25,637,556</u>
<b>Neamhphá</b>			
Glan-Dheontas Airgid Thirim Iar-Bhunscoileanna & Ceannoifige	Oideachas agus Scileanna	1,737,810	1,683,752
Cúlchiste Caipitil	Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	261,634	-
Táillí Teagaisc	Tuismitheoirí / Daltaí	78,710	82,610
Díbhinn Árachais	Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	38,098	77,794
Cíos	Eile	1,772	1,482
Ús Bainc	Banc	453	421
Táillí d'Athscrúdú na hArdteistiméireachta	Tuismitheoirí / Daltaí	-	127
		<u>2,118,477</u>	<u>1,846,186</u>
<b>Cláir Bhainteacha</b>			
Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile	Oideachas agus Scileanna	384,501	355,132
Deontas Deis & Idirchaidreamh Scoile Baile	Oideachas agus Scileanna	119,561	112,537
Deontas Leabhar	Oideachas agus Scileanna	114,858	110,517
Straitéis Dhigiteach do Scoileanna	Oideachas agus Scileanna	102,572	98,973
Ciste Sármhaitheasa Scoileanna	Oideachas agus Scileanna	47,228	-
Coimhdeacht Iompair	Oideachas agus Scileanna	35,714	35,421
An Idirbhliain	Oideachas agus Scileanna	31,160	32,015
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	Oideachas agus Scileanna / BOO Chatha	20,150	21,159
Eile - 8 a bhfuil ann	Oideachas agus Scileanna	57,949	88,713
		<u>913,693</u>	<u>854,467</u>
<b>Iomlán</b>		<u><u>31,615,906</u></u>	<u><u>28,338,209</u></u>

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

2 Admhálacha Bhreisoideachais agus Oiliúna	An Roinn Urraíochta / Maoinitheoir	Bliain dar Críoch	
		31/12/2018 €	31/12/2017 €
<b>Breisoideachas</b>			
SDOG	SOLAS	2,962,648	2,899,714
Ógtheagmháil	SOLAS	2,619,652	2,608,707
Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas	SOLAS	1,425,255	1,149,234
Lítearthacht d'Aosaigh	SOLAS	1,093,651	1,036,198
Oideachas Pobail	SOLAS	442,909	400,072
Seirbhís Treorach um Oideachas d'Aosaigh	SOLAS	383,629	360,782
Foireann an Chláir Phrintíseachta	SOLAS	224,000	-
Scileanna don Obair	SOLAS	157,427	-
Tionscnamh Ógtheagmhála um Riachtanais Speisialta	SOLAS	105,107	113,202
Measúnú QQI Ceaptha go hÁitiúil	SOLAS	55,049	50,217
Dian-theagasc	SOLAS	45,472	45,572
Caipitíocht PLC	SOLAS	44,400	38,336
Clár na nDídeanaithe Aosach	SOLAS	42,896	40,668
Forbairt an Chláir Phrintíseachta Scafalra	SOLAS	22,110	-
Fíordheimhniú Seachtracha QQI	SOLAS	18,212	12,503
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	SOLAS	15,719	14,541
Lítearthacht Teaghlaigh ROS	SOLAS	7,188	22,995
Seirbhísí Treoirchomhairleoireachta/ Siceolaíochta	SOLAS	6,065	29,352
Creat Cáilíochta	SOLAS	4,197	3,677
Tionscnaimh Speisialta d'Aosaigh faoi Mhíbhuntáiste	SOLAS	-	950
		<b>9,675,586</b>	<b>8,826,720</b>
<b>Oiliúint</b>			
Cúrsaí oiliúna	SOLAS	2,719,432	1,698,172
Costais Oibriúcháin	SOLAS	2,226,396	1,986,540
Soláthraithe Sainoiliúna (STP)	SOLAS	2,097,414	1,754,678
Ionaid Oiliúna Pobail	SOLAS	1,243,954	1,026,476
Tionscnamh Oiliúna Áitiúil	SOLAS	753,950	768,020
Printíseacht	SOLAS	235,305	-
Cúrsaí Tráthnóna	SOLAS	66,183	160,840
Oiliúint Scileanna & Nasc-Chúrsaí	SOLAS	59,736	660,285
Aoisliúntas SOLAS	SOLAS	-	14,497
Eile - ró-leithdháilte	SOLAS	-	274
		<b>9,402,370</b>	<b>8,069,782</b>
<b>Iomlán</b>		<b>19,077,956</b>	<b>16,896,502</b>
<b>3 ADMHÁLACHA SHEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO MHIC LÉINN</b>			
Deontais agus Scoláireachtaí	Oideachas agus Scileanna	-	19,675
		<b>-</b>	<b>19,675</b>
<b>4 FÁLTAIS SHEIRBHÍSÍ ÓIGE</b>			
An tAcht um Obair don Aos Óg 2017	Gnóthaí Leanaí agus Óige	59,823	69,823
Deontas Club Óige	Gnóthaí Leanaí agus Óige	55,165	46,067
Tionscadail Speisialta don Óige	Gnóthaí Leanaí agus Óige	47,289	22,735
Caipiteal Obair Óige	Gnóthaí Leanaí agus Óige	42,740	-
An tAcht um Obair don Aos Óg 2017 - Cúnamh Teicniúil	Gnóthaí Leanaí agus Óige	23,500	-
Deontas LGBTGI	Gnóthaí Leanaí agus Óige	10,000	-
Scéim Deontais um Trealaimh Chlub Óige Áitiúil	Gnóthaí Leanaí agus Óige	-	164,508
Cúnamh Teicneolaíochta LYCEGS	Gnóthaí Leanaí agus Óige	-	8,225
		<b>238,517</b>	<b>311,358</b>

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

5 GNÍOMHAIREACHTAÍ agus TIONSCADAIL FÉINMHAOINITHE

GNÍOMHAIREACHTAÍ		Bliain dar críoch 31/12/2018				Bliain dar críoch 31/12/2017	
		Fáltais	Íocaíochtaí			Fáltais	Íocaíochtaí
Mír Tionscadail	An Roinn Urraíochta / Maoinitheoir	€	Pá €	Neamh-Phá €	Iomlán €	€	€
1 Scéim Béilí Scoile	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí	243,521	-	226,979	226,979	93,663	84,261
2 Clár Críochnaithe Scoile	TUSLA	127,976	111,725	14,252	125,977	127,976	137,007
